Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022***

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(150 marc)***


***Dé hAoine, 17 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:30***

***(a)*** *Freagair **trí** cheist **ar bith**.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.


**1.** Taispeántar sa sceitse an príomhdhoras ar theach cónaithe. Is blocbhalla coincréite 400 mm é an balla seachtrach agus tá cuas láninslithe ann. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Is iad toisí fhráma an dorais, atá feistithe sa bhalla, ná 150 mm × 80 mm. Is doras ardinslithe adhmaid é, tá sé 90 mm ar tiús agus tá cláir cheartingearacha 15 mm ar an dá thaobh de.



**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach, trí na lindéir choincréite, trí fhráma an dorais agus tríd an doras féin. Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla tógála ó phointe atá 400 mm faoi bhun na lindéar go leibhéal atá 400 mm os cionn na lindéar. Cuir isteach **ceithre** thoise thipiciúla.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht na sonraí tipiciúla dearaidh a chinntíonn go mbíonn an cuas dúnta ag ceann an dorais.

**2.** Taispeántar sa sceitse spás an áiléir i dteach cónaithe agus níl aon insliú ann. Tá sé i gceist ag úinéirí an tí insliú a chur isteach sa díon ag leibhéal ghiarsaí na síleála agus timpeall ar an umar stórála uisce. Is iad toisí ghiarsaí na síleála ná 200 mm × 40 mm.




**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin modh oiriúnach **amháin** leis an díon a insliú ag leibhéal ghiarsaí na síleála. Ainmnigh an saghas inslithe atá le húsáid agus scríobh síos a tiús.

**(b)** Ní mór an t-umar stórála uisce agus an phíbobair a insliú chomh maith. Ar sceitse ar leith, agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin conas is féidir an t-umar stórála uisce agus an phíbobair a insliú.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le spás an áiléir i dteach a ardinsliú.

**3.** Is féidir uisce báistí a bhailiú ón díon, é a stóráil agus a athúsáid i dteach cónaithe.

**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den teach a thugtar agus den umar stórála faoi thalamh. Taispeáin ar do sceitse an phíbobair atá riachtanach leis an t-uisce a bhailiú ón díon agus é a thógáil go dtí an t-umar stórála faoi thalamh.



**(b)** Úsáidtear an t-uisce báistí stóráilte chun na leithris a shruthlú. Taispeáin ar an sceitse an phíbobair atá riachtanach leis an t-uisce báistí a thógáil ón umar faoi thalamh go dtí an t-umar stórála san áiléar. Taispeáin an phíbobair atá riachtanach le sistéal an leithris a nascadh leis an umar stórála san áiléir Taispeáin na caidéil agus na comhlaí riachtanacha uile.


**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le huisce báistí a athúsáid i dteach cónaithe.

**4.** Taispeántar sa sceitse cistin agus seomra suí plean oscailte. Tá sé beartaithe ag úinéir an tí landair stoda adhmaid a thógáil, a bhfuil doras ann, chun na limistéir seo a scaradh óna chéile.

**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitse saorláimhe, agus taispeáin na sonraí tipiciúla tógála den landair stoda atá riachtanach chun na seomraí seo a scaradh óna chéile.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:

- ceannphláta
- bonnphláta
- stodaí adhmaid
- snaidhmeanna nogtha
- lindéar dorais.




**(b)** Pléigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le landair stoda adhmaid a úsáid chun seomraí ar leith a dhéanamh.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le seomra suí a dhéanamh a bheadh scartha amach ón gcistin.

**5.** Taispeánann an sceitse cuid de staighre adhmaid i dteach cónaithe, a bhfuil stiall dhúnta ann. Is é airde gach céime ná 170 mm.

**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí lár na d**trí** chéim is íochtaraí den staighre. Taispeáin an stiall, na boinn agus éadain na gcéimeanna.

Cuir isteach **trí** thoise thipiciúla ar do líníocht.




**(b)** Taispeáin ar do líníocht sonra dearaidh **amháin** chun díoscarnach a chosc nuair a bhíonn an staighre in úsáid.

**6.** Taispeántar sa sceitse oibrí tógála ag baint úsáide as casúr neomatach ar chosán poiblí.

**(a)** Bain úsáid as sceitse mór saorláimhe agus taispeáin **trí** chomhartha sábháilteachta chun aird a dhíriú ar úsáid trealamh cosanta pearsanta (PPE i mBéarla) nach mór d'oibrithe a chaitheamh agus casúr neomatach á úsáid.


Maidir le **gach** comhartha díobh, déan cur síos ar conas a chosnaíonn an trealamh cosanta pearsanta na hoibrithe agus an casúr neomatach á úsáid.



**(b)** Déan cur síos ar **dhá** riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrí tógála nuair a bhíonn uirlisí cumhachta á n-úsáid ar láithreán tógála.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus sceitse saorláimhe agus déan cur síos ar réamhchúram sábháilteachta **amháin** a laghdóidh an riosca don phobal fad is atá cosán nua á sholáthar.

**7.** Taispeántar dréacht-dearadh le haghaidh gairdín cúil do theach leathscoite. Is mian le húinéirí an tí spás gairdín a chruthú chun freastal ar riachtanais a dteaghlaigh. Taispeántar suíomh na gcrann atá ann cheana féin.



**(a)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach spás gairdín a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais an teaghlaigh.

**(b)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin ar an sceitse an suíomh is rogha leat do **gach** ceann díobh seo a leanas i spás an ghairdín:

- *spás itheacháin/maireachtála lasmuigh*
- *stóras sa ghairdín*
- *ceapacha bláthanna*
- *limistéar faiche.*

Tabhair fáth **amháin** le **gach** suíomh a roghnaigh tú.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le crainn agus plandaí a chur san áireamh i ndearadh an ghairdín.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- dúshraith stráice
- tuirbín gaoithe
- ballacheangal
- éadanchlár
- dabhach shéarachais
- preabshábh gan sreang
- téip aerdhíonach
- déadalt
- téamh faoi urlár

**9.** Taispeántar sa sceitse teach scoite agus póirse tosaigh air faoin tuath. Is póirse de thógáil fhráma adhmaid é agus tá cumhdach seachtrach adhmaid air.

**(a)** Mol adhmad oiriúnach don chumhdach seachtrach agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.



**(b)** Teastaíonn ón úinéir an póirse a athchóiriú chun breis solais nádúrtha a ligean isteach sa teach. Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin **dhá** athrú ar an bpóirse a ligfeadh breis solais nádúrtha isteach sa teach.

**(c)** Pléigh **dhá** chúis a dteastódh ó úinéirí tí póirse tosaigh a chur ar a dteach.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022**
**Leaving Certificate Examination, 2022**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 1 / Lá 1*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.

# Wash Station
# Stáisiún Níocháin





Elevation/Aghaidhchló




End View/Taobhchló


Shaping of the edge **must** be completed by the candidate.


**Is faoin iarrthóir atá sé** an chorr a chríochnú.



Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6







Plan/Bonnchló

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Wash Station**
**Stáisiún Níocháin**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022**
**Leaving Certificate Examination, 2022**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 2 / Lá 2*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Wash Station
# Stáisiún Níocháin




End View/Taobhchló





Elevation/Aghaidhchló




Plan/Bonnchló


Shaping of the edge **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** an chorr a chríochnú.



Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

## Wash Station
## Stáisiún Níocháin



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022**
**Leaving Certificate Examination, 2022**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 3 / Lá 3*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***


**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.


Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


# Wash Station
# Stáisiún Níocháin




Elevation/Aghaidhchló





End View/Taobhchló




Plan/Bonnchló


Shaping of the edge **must** be completed by the candidate.

**Is faoin iarrthóir atá sé** an chorr a chríochnú.



Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6



Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Wash Station**
**Stáisiún Níocháin**



Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.